Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN TEASTAS SÓISEARACH 2009

# AN SCÉIM MHARCÁLA

# GAEILGE

# GNÁTHLEIBHÉAL

1. Le linn na marcála ní mór cloí go dlúth leis an Scéim seo, le cibé leasuithe a dhéanfar uirthi ag an gComhdháil Mharcála, agus le cibé treoracha eile a thabharfar ag an gComhdháil nó ina dhiaidh sin.

2. Ní mór don Scrúdaitheoir Cúnta an mharcáil ar na freagarleabhair a dhéanamh i ndúch dearg. Ní mór botúin a mharcáil (níl ceartú i gceist) trí líne dhearg a tharraingt fúthu.

3. Ní mór na marcanna a bhronntar ar fhoranna éagsúla na gceisteanna agus na focheisteanna (de réir mar a áireofar ag an gComhdháil iad) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar na freagarleabhair.

4. Ní ceart don Scrúdaitheoir Cúnta aon rud a scríobh i gcorp an fhreagarleabhair ach amháin marcanna, comharthaí, ticeanna, línte.

5. Dírítear aird an Scrúdaitheora Chúnta ar a bhfuil i gceist sna treoracha ar **leathanach 17** den chaipéis seo maidir le hiarrthóirí a bhfuil oiriúntas réasúnta ceadaithe dóibh.

**CLUASTUISCINT (S6A)** **(100 marc)**

**N.B.** Ní mór na freagraí ar fad a scríobh i nGaeilge ach **amháin** nuair nach gá sin.

**Treoracha**

1. Más léir go bhfuil an freagra ag teacht leis an rud a chuala an t-iarrthóir agus go bhfuil iarracht mhacánta déanta ag an iarrthóir an focal / na focail a litriú go cruinn d'réir na foghraíochta, glac leis mar fhreagra**.**

2. Maidir le ceisteanna a bhfuil pictiúr nó litir le roghnú mar fhreagra orthu ní féidir ach **pictiúr nó litir amháin a roghnú** i ngach cás.

**Glac le tic in aice nó ciorcal timpeall na litreach sna ceisteanna a bhfuil sé sin i gceist iontu má tá an litir cheart roghnaithe**

| DON SCRÚDAITHEOIR | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CUID** | A | | | B | | | C | | | D | | |
| **CEIST** | 1 | 2 | 3 | 1 | 2 | 3 | 1 | 2 | 3 | 1 | 2 | 3 | **IOMLÁN** |
| **MARC** | **12** | **12** | **13** | **7** | **7** | **7** | **7** | **7** | **7** | **7** | **7** | **7** | **100** |

**CUID A ( 37 marc)**

**(100 marc)**

**1. An Chéad Chainteoir**

| | | |
|---|---|---|
| Ainm | Peadar de Búrca | |
| Cá bhfuil sé ina chónaí? | (i) Árasán i mBaile Átha Cliath<br>(ii) Baile Átha Cliath / BÁC / BAC<br>(iii) Árasán | 4<br>4<br>4 |
| Cén t-am a éiríonn sé ar maidin? | (i) 7.30 (a.m.)<br>(ii) Leath huair tar éis a seacht | 4<br>4 |
| Cá dtéann sé dhá oíche sa tseachtain? | (i) Go dtí an phictiúrlann<br>(ii) Pictiúrlann | 4<br>4 |

**2. An Dara Cainteoir**

| | | |
|---|---|---|
| Ainm | Áine Ní Mhurchú | |
| Cén post atá ag a máthair? | (i) Is múinteoir í a máthair<br>(ii) Múinteoir / ag múineadh | 4<br>4 |
| Cad a dhéanann Áine ag an deireadh seachtaine? | (i) Ag obair lena hathair / (ag) obair<br>(ii) Ag obair ar an bhfeirm<br>(iii) Ag obair lena hathair ar an bhfeirm<br>(iv) Obair fheirme<br>(v) Oibríonn sí ar an bhfeirm | 4<br>4<br>4<br>4<br>4 |
| Luaigh cluiche **amháin** a thaitníonn léi. | (i) Cluiche peile agus iomána<br>(ii) Cluiche peile<br>(iii) Cluiche iomána<br>(iv) Peil / peile<br>(v) Iomáint / iomána / iománaíocht | 4<br>4<br>4<br>4<br>4 |

**3. An Tríú Cainteoir**


| | | |
|---|---|---|
| Ainm | Seán Ó Mainnín | |
| Cár rugadh a mháthair? | (i) Inis Mór<br>(ii) Inismóre<br>(iii) Inismore / Inishmore | 4<br>4<br>4 |
| Cén post atá ag a athair? | (i) Iascaire / iascaireacht<br>(ii) Téann sé ag iascaireacht | 4<br>4 |
| Cad a labhraíonn siad sa bhaile? | Gaeilge / Gaelig Gaolainn | 5 |

## CUID B (21 mharc)

### Fógra a hAon








(a) (b) (c) (d)

**1. Cén pictiúr a théann leis an bhfógra seo?** **B** **4mharc**

**2. Cén fáth a bhfuil áthas ar Mhuiris Ó Súilleabháin?**

(a) bhuaigh sé a lán airgid

(b) beidh poist nua ar fáil sa cheantar **B** **3 mharc**


(c) beidh sé ag dul ar saoire go Meiriceá


(d) tá carr nua aige

### <u>Fógra a Dó</u>









(a) (b) (c) (d)

**1. Cén pictiúr a théann leis an bhfógra seo?** **A** **4 mharc**

**2. Cé mhéad a chosnóidh sé an bád canála a dheisiú?**

(a) an iomarca airgid

(b) seasca míle euro **B** **3 mharc**

(c) cúpla míle euro

(d) milliún euro

## Fógra a Trí








(a) (b) (c) (d)

**1.** **Cén pictiúr a théann leis an bhfógra seo?** **C** **4 mharc**

**2.** **Cé a ghoid na boscaí bláthanna?**

(a) na gardaí

(b) ógánaigh ólta **B**

(c) fir oibre **3 mharc**



(d) daltaí dána

**CUID C (21 mharc)**

## Comhrá a hAon

**An Chéad Mhír**



(a) (b) (c) (d)

**1.** **Cá bhfuil Dónall agus Aoife?** **B** **4 mharc**

**An Dara Mír**

**2.** **Cá mbeidh deirfiúr Dhónaill ag seinm an veidhlín?**

(a) i gCorcaigh **C** **3 mharc**

(b) sa scoil

(c) sa Cheoláras Náisiúnta

(d) i Halla an Bhaile

## Comhrá a Dó

### An Chéad Mhír



(a)



(b)



(c)



(d)

**1.** **Cá raibh Siobhán?**

**A**

**4 mharc**

### An Dara Mír

**2.** **Cé a bheidh ag teacht go hÉirinn go luath?**

(a) cara le Máire

(b) aintín le Siobhán

(c) Georgio agus a chara


(d) deartháir Mháire

**C**

**3 mharc**

## Comhrá a Trí

### An Chéad Mhír





(a)



(b)



(c)



(d)

**1.** **Cad a bhuaigh aintín Dheirdre?**

**A**

**4 mharc**

### An Dara Mír

**2.** **Cad a cheannaíonn Deirdre gach seachtain?**

(a) leabhar

(b) ticéad

(c) éadaí

(d) irisleabhar

**B**

**3 mharc**

## CUID D (21 mharc)


**Píosa a hAon**










(a) (b) (c) (d)

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1.** | **Cad a thógfar i nDroichead Átha?** | **B** | **4 mharc** |
| **2.** | **Cé mhéad dalta a bheidh sa scoil?** | | |

(a) cúig chéad


(b) seacht gcéad


(c) míle

(d) ceithre chéad

**C** **3 mharc**

**Píosa a Dó**









(a) (b) (c) (d)

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1.** | **Cén pictiúr a théann leis an bpíosa seo?** | **C** | **4 mharc** |
| **2.** | **Cé mhéad seomra leapa atá sa teach?** | | |

2 / dhá sheomra leapa / dá / dó. **3 marc**

**Píosa a Trí (21 mharc)**



(a)



(b)



(c)




(d)

**1.** **Cén pictiúr a théann leis an bpíosa seo?** | D | **4 mharc**

**2.** **Cá mbeidh ticéid ar díol?** | B | **3 mharc**

(a) sna siopaí
(b) ag na geataí
(c) sa scoil
(d) ar an idirlíon

## An Páipéar Scríofa (S6) (220 marc)

### Roinn 1 – Léamhthuiscint (110 marc)

**C.1** **20 marc (10 x 2 = 20)**

| **Fógra** | **1** | **2** | **3** | **4** | **5** | **6** | **7** | **8** | **9** | **10** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Pictiúr** | **F** | **D** | **E** | **A** | **I** | **H** | **C** | **J** | **G** | **B** |
| **Marc** | **2** | **2** | **2** | **2** | **2** | **2** | **2** | **2** | **2** | **2** |

**C.2** **30 marc**. Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c)

**Treoir:** 0 (náid) ar aon fhreagra in (a), (b), (c) má tá iomarcaíocht mhí-cheart iontu.

### Fógra (a)

**(i)**

| **Freagra** | **Marc** |
|---|---|
| Bailítear an post gach lá ó Luan go hAoine | **5** |
| Ó Luan go hAoine | **5** |
| | |

**(ii)**
**Dhá rud: 3 + 2 = 5 mharc**

| | |
|---|---|
| Oifigí Poist (ar fud na tíre) 3 mharc | |
| Nuachtánaithe 2 mharc | |
| Ollmhargaí | |
| Siopaí leabhar (aonad ag teastáil) | |
| Ionaid chuairteoirí (aonad ag teastáil) | |
| Stáisiúin pheitril (aonad ag teastáil) | |
| | |

**(iii)**
**Dhá rud: 3 + 2 = 5 mharc**

| | |
|---|---|
| (Ar an) bhfón 3 mharc | |
| (Tríd an) bpost 2 mharc | |
| Ríomhphost | |
| Facs | |
| | |

## Fógra (b)

**(i)**

| | |
|---|---|
| Taitneamh agus tairbhe. | **5** |
| Taithneamh. | **5** |
| Tairbhe. | **5** |
| Deiseanna do dhaoine óga. | **5** |
| Deiseanna. | **5** |
| | |

**( ii )**

| | |
|---|---|
| (I do) rogha spórt / spóirt. | **5** |
| (In) imeachtaí cultúrtha (aonad ag teastáil). | **5** |
| (Le) cairde nua (aonad ag teastáil). | **5** |
| | |

**(iii)**

**Dhá rud: 3 + 2 = 5 mharc**

| | |
|---|---|
| (Mar) thraenálaí foirne. 3 mharc | |
| (Ar an) gcoiste. 2 mharc | |
| (Ag) iompar imreoirí (aonad ag teastáil). | |
| (Ag) iompar fearais(aonad ag teastáil). | |
| (Ag) eagrú imeachtaí (aonad ag teastáil). | |
| Is féidir leat cabhrú / cabhrú. | |
| | |

## Dán (c )

**(i)**

| | |
|---|---|
| Bhí puisín ag faire ar pholl san urlár. | **5** |
| Ar pholl san urlár. | **5** |
| Poll san urlár / poll. | **5** |
| | |

**(ii)**

| | |
|---|---|
| Chuir an luichín beag fiosrach a chloigeann aníos. | **5** |
| A chloigeann. | **5** |
| Cloigeann. | **5** |
| Ceann. | **5** |
| | |

**(iii)**

| | |
|---|---|
| Dhúisigh an puisín; Miaou! Thug sé léim. | **5** |
| Miaou! Thug sé léim. | **5** |
| Miaou! | **5** |
| Thug sé léim / léim sé | **5** |
| | |

# C.3 60 marc Freagair (a) **agus** (b)

**(a)**

**(i)**

**Dhá rás: 3 + 3**

| | |
|---|---|
| Bhuaigh sé an bonn óir sna rásaí 100 m, 200 m agus sa rás 4 x 100 m. | **3 + 3** |
| Rásaí 100 m, 200 m agus 4 x 100 m. | **3 + 3** |
| 100 m, 200 m. | **3 + 3** |
| Bhuaigh sé trí bhonn óir sna Cluichí Oilimpeacha i mBéising in 2008. Bhuaigh sé an bonn óir sna rásaí 100 m, 200 m agus sa rás 4 x 100 m. | **3 + 3** |
| | |

**(ii)**

**Deartháir agus deirfiúr**

| | |
|---|---|
| Deartháir amháin agus deirfiúr amháin. | **3 + 3** |
| Deartháir agus deirfiúr. | **3 + 3** |
| Amháin agus amháin | **3 + 3** |
| 1 + 1 | **3 + 3** |
| | |

**(iii)**

**Dhá chluiche: 3 + 3**

| | |
|---|---|
| Nuair a bhí sé óg d'imir sé sacar agus cruicéad | **3 + 3** |
| Sacar agus cruicéad. | **3 + 3** |
| Sacar | **3** |
| Cruicéad | **3** |

**(iv)**

**Beirt ag teastáil: 3 + 3**

| | |
|---|---|
| Thug Pablo agus Dwayne cabhair agus spreagadh d'Usain. | **3 + 3** |
| Pablo agus Dwayne. | **3 + 3** |
| Pablo McNeil agus Dwayne Barrett. | **3 + 3** |
| Mc Neil agus Barrett | **3 + 3** |
| Bhí an t-ádh leis ………………..spreagadh d'Usain | **3 + 3** |
| Pablo | **3** |
| Dwayne | **3** |
| | |

**(v)**

| | |
|---|---|
| Tá Usain sé throigh agus cúig orlach ar airde. (aonad ag teastáil) | **6** |
| Sé throigh agus cúig orlach ar airde. (aonad ag teastáil) | **6** |
| 6´ 5´´ (aonad ag teastáil) | **6** |
| Buntáiste ………………….ar airde. | **6** |

**(b)**

**(i)**

| | |
|---|---|
| Bhíodh (sí ar) *Mooney Goes Wild on One* gach Sathairn ar RTÉ Raidió 1. | **6** |
| (Gach) Sathairn. | **6** |
| | |

**(ii)**

| | |
|---|---|
| Ba as Dún na nGall dá hathair. | **6** |
| Dún na nGall. | **6** |
| | |

**(iii)**

| | |
|---|---|
| Tharla timpiste d'Éanna nuair a bhí sí trí bliana déag d'aois. Ní raibh sí ábalta páirt a ghlacadh sa rang Eacnamaíocht Bhaile de bharr na timpiste sin. | **6** |
| Tharla timpiste d'Éanna. | **6** |
| | |

**( iv )**
**Dhá rud: 3 + 3**

| | |
|---|---|
| Tá an-suim ag Éanna sa nadúr, go háirithe sna feithidí, sna péisteanna agus sna sciatháin leathair. | **3 + 3** |
| Sna feithidí, sna péisteanna agus sna sciatháin leathair. | **3 + 3** |
| Sna feithidí, sna péisteanna. | **3 + 3** |
| | |

**(v)**

| | |
|---|---|
| Ta leabhar faoi Bhaile Átha Cliath, *Wild Dublin,* scríofa aici freisin. | **6** |
| *Wild Dublin.* | **6** |
| | |
| | |

**Treoir: Aon iomarcaíocht mhícheart sa bhreis sna freagraí ó (i) – (v) in (a) agus (b) thuas - bronn 0 (náid) uirthi.**

**Roinn 2**
**Scríobh na Teanga (110 marc)**

**N.B.** Sna ceisteanna i Scríobh na Teanga bíodh coibhneas idir an marc a bhronntar ar 'Eolas' agus an marc a bhronntar ar'Gaeilge'

**Gaeilge:** Aimsirí / Forbairt / Saibhreas Foclóra / Cumas Cumarsáide
**Eolas :** Comhlíonadh na dtascannna atá luaite**.**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **C. 1** | | **25 mharc** | **Freagair (a) *nó* (b)** |
| **(a)** | **Cárta Poist** | **Eolas:** | 10 marc ( 2 x 5) |
| | | **Gaeilge:** | 15 mharc (Blocmharcáil) |

- Ní gá síniú ná beannú a bheith ann.
- Má fhaigheann tú '0'**(náid)** ar eolas gheobhaidh tú '0'**(náid)** ar Ghaeilge
- Tabhair marcanna eolais ar phointí loma.

**Pointí eolais:**

**P 1** tagairt don aimsir
**P 2** rud amháin a rinne mé a thaitin liom (gníomh/eachtra i gceist)
**P 3** dhá rud a cheannaigh mé
**P 4** Rud amháin nach maith liom faoin turas
**P 5** cathain a fhillfidh mé abhaile

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(b)** | **Nóta:** | **Eolas:** | 10 marc (2 x 5 ) |
| | | **Gaeilge:** | 15 marc (Blocmharcáil) |

**Pointí eolais:**

**P1** cá raibh mé
**P2** cad a fuair mé
**P3** cathain a fhéachaimid ar an DVD
**P4** cad ba mhaith liom a dhéanamh tar éis féachaint ar an DVD
**P5** cathain a bheidh orm an DVD a thabhairt ar ais go dtí an siopa físeán

**Coibhneas idir Eolas agus Gaeilge**

| **Eolas** | **Gaeilge** |
|---|---|
| 2 mharc: pointe amháin | marc as 3 |
| 4 mharc: dhá phointe | marc as 6 |
| 6 mharc: trí phointe | marc as 9 |
| 8 marc: ceithre phointe | marc as 12 |
| 10 marc: cúig phointe | marc as 15 |

**N.B. Mura bhfuil an tasc comhlíonta : C.1 (a) & C.1 (b): bain 3 mharc den mharc a bronnadh.**

**C. 2 Litir** **40 marc** Freagair (a) ***nó*** (b)

**(a)** **Foirmlí:** 4 (1 x 4)
**Eolas:** 12 (4 x 3)
**Gaeilge:** 24

**Foirmlí:**

- Seoladh (líne amháin i nGaeilge) 1
- Dátaí (glac le figiúirí) 1
- Beannú (glac le hainm) [a chara =0 (náid)] 1
- Síniú (ainm á lorg) 1

**Pointí eolais:**

| | | |
|---|---|---|
| **P1** | ainm an spóirt | 3 |
| **P2** | conas a chuala mé faoin gcúrsa | 3 |
| **P3** | cá bhfuil an cúrsa ar siúl | 3 |
| **P4** | cúpla rud faoin traenálaí atá ag obair ar an gcúrsa | 2 + 1 |

**(b)** **Foirmlí:** 4 (1 x 4)
**Eolas:** 12 (4 x 3)
**Gaeilge:** 24

**Foirmlí**

- Seoladh (líne amháin i nGaeilge) 1
- Dátaí ( glac le figiúirí ) 1
- Beannú (glac le hainm) [a chara =0 (náid)] 1
- Síniú (ainm á lorg) 1

**Pointí eolais:**

| | | |
|---|---|---|
| **P1** | conas a bhuaigh mé an t-airgead | 3 |
| **P2** | cé mhéad airgid a bhuaigh mé | 3 |
| **P3** | cúpla rud a cheannaigh mé dom féin leis an airgead **(intuigthe go bhfuil an dalta ag caint faoi/fúithi féin)** | 1 + 1 + 1 |
| **P4** | bronntanas a fuair mé do mo chara **(ní mór ainm a bheith ar an mbronntanas nó aidiacht a bheith leis an mbronntanas agus soiléir gur ceannaíodh an bronntanas don chara)** | 3 |

**Treoracha do C. 2(a) agus C. 2(b):**

**Gaeilge:** Aimsiri/Forbairt/Saibhreas Foclóra/Tasc a chomhlíonadh (Cruth litreach á lorg**)**
**Eolas:** Má fhaigheann tú ‘0’(**náid**) ar eolas gheobhaidh tú ‘0’(**náid**) ar Ghaeilge.

**Coibhneas idir Eolas agus Gaeilge**

| **Eolas** | | **Gaeilge** |
|---|---|---|
| 3 mharc: | pointe amháin | marc as 6 |
| 6 mharc: | dhá phointe | marc as 12 |
| 9 marc: | trí phointe | marc as 18 |
| 12 mharc: | ceithre phointe | marc as 24 |

Mura bhfuil cruth litreach ar an bhfreagra: bain **4 mharc** den mharc a bronnadh.
**Ach** má bhíonn aon cheann de na foirmlí acu glac leis an bhfreagra sin mar litir agus ná cuir píonós orthu.

**C. 3** **45 marc** Freagair (a) ***nó*** (b)

**Treoracha i gcás C.3(a) agus C.3(b):**

- **Fad na n-alt/ndialann : 90 focal ar a laghad.**

- Má tá: **0** – **15 focal** scríofa – marcáil Gaeilge **as 6**
  **16** – **30 focal** scríofa – marcáil Gaeilge **as 12**
  **31** – **45 focal** scríofa – marcáil Gaeilge **as 18**
  **46 – 60 focal** scríofa – marcáil Gaeilge **as 24**
  **61 – 75 focal** scríofa – marcáil Gaeilge **as 30**
  **75 – 90 focal** scríofa – marcáil Gaeilge **as 35**

Má tá iarracht mhácánta déanta ag an iarrthóir cloí le hábhar an ailt/na dialainne agus más féidir glacadh leis dá bharr sin go raibh ábhar an ailt/na dialainne os comhair aigne an iarrthóra agus é/í ag scríobh – bronn na marcanna iomlána ar 'Eolas'. Is ionmholta an cur chuige é i gcásanna nach mbronntar 10 as 10 ar Eolas anseo coibhneas réasúnta a bheith idir **% na marcanna** a bhronntar ar Eolas (as 10) agus **% na marcanna** a bhronntar ar Ghaeilge (as 35)

- **Gaeilge:** Forbairt/Saibhreas Foclóra
- **Eolas:** Má fhaigheann tú '0'**(náid)** ar eolas gheobhaidh tú '0'**(náid)** ar Ghaeilge

**Eolas:** 10
**Gaeilge:** 35

**Na hAilt:**

**(a)** Glac leis an Aimsir Chaite

**Eolas:** 10
**Gaeilge:** 35

- **5 phointe** ag teastáil.
- **Pointe eolais** as **gach** bosca (sraith phictiúr) 1- 4 agus **an cúigiú pointe** as bosca ar bith.

**An Dialann:**

- Glac le: Beannú (A Dialann…) agus dáta
- Pearsa mícheart: – **5** den mharc a bronnadh
- Cruth litreach: – **5** den mharc a bronnadh

**N.B**. Bí aireach nach mbaineann tú – 5 mharc **faoi dhó** den iarrthóir sa cheist seo.

## Oiriúntas Réasúnta

Tá roinnt leasuithe ar an **Scéim Mharcála** le cur i bhfeidhm i gcás iarrthóirí a bhfuil socruithe speisialta i gcás na marcála, ceadaithe ag **Coimisiún na Scrúduithe Stáit** dóibh agus a bhfuil **réiltíní** in aice lena scrúduimhreacha ar na **Leatháin Mharcála**. Iarrtar ort na hiarrthóirí seo a mharcáil sa ghnáthshlí, d'réir na scéime marcála, agus na leasuithe seo a leanas a chur i bhfeidhm ansin:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar an marc a bronnadh **ar Ghaeilge** i '**Scríobh na Teanga'** agus sa chuid sin **amháin** i gcás iarrthóirí a bhíonn i ngar **8 marc** nó **níos lú** don **chéad ghrád** eile**.**

- Ní mór na leasuithe sin a thaispeáint ar fhreagarleabhair na n-iarrthóirí, ar an taobh istigh agus ar an taobh amuigh. **Baineann an t-oiriúntas seo le litriú agus le cruinneas gramadaí sna ceisteanna a bhfuil marcanna ar leith ag dul do na nithe sin**.

Féach, led' thoil, ar an **leathanach cuí** de **S.63**, ***Treoracha do Scrúdaitheoirí Cúnta 2009***.